CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# PREASEISIÚINT Uimh. 40/24

**Lucsamburg, 5 Márta 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-234/21 | Défense Active des Amateurs d’Armes agus páirtithe eile

## Toirmeasc ar airm leath-uathoibríocha: Féadfaidh Ballstáit ar mian leo sean-údaruithe a choimeád le haghaidh na n-arm sin déanamh amhlaidh freisin maidir le hairm atá tiontaithe chun urchair chaocha a scaoileadh.

De réir na Cúirte Breithiúnais, níl aon rud ann lena gcuirtear cosc ar na Ballstáit a fhoráil go bhféadfaidh sealbhóirí arm tine leath-uathoibríoch atá tiontaithe chun urchair chaocha a scaoileadh tairbhiú de shocrú idirthréimhseach tar éis a dtoirmisc, i gcás ina dtabharfar isteach socruithe den sórt sin do shealbhóirí arm tine den sórt sin atá in ann armlón beo a scaoileadh. Ní dheantar dochar don chuspóir maidir le sábháilteacht phoiblí shaoránaigh an Aontais ó tharla go bhféadfadh sealbhóirí arm tine atá tiontaithe leas a bhaint as coinneáil údaruithe a deonaíodh cheana féin.

Thug comhlachais Défense Active des Amateurs d’Armes ASBL (DAAA) agus beirt shaoránach Beilgeach caingean i gcoinne Conseil des ministres (Comhairle na nAirí, an Bheilg), maidir le hathchóiriú an Dlí maidir le hairm a tháinig i bhfeidhm in 2019 [1]. Toirmisctear leis an reachtaíocht seo, cineálacha áirithe airm leath-uathoibríocha atá tiontaithe chun urchair chaocha a scaoileadh a bhí ar fáil lena ndíol go furasta sa Bheilg go dtí tús mhí an Mheithimh 2019. Níl aon rogha ag sealbhóirí arm den chineál seo maidir lena gcoinneáil toisc gur úinéirí arm toirmiscthe iad, ó shin leith. I gcodarsnacht leis sin, bainfidh úinéirí fíor-arm thine leath-uathoibríoch (nár tiontaíodh agus atá in ann armlón beo a scaoileadh) a ceannaíodh agus a cláraíodh roimh an 13 Meitheamh 2017 tairbhe as socrú idirthréimhseach a cheadóidh dóibh a gcuid airm thine a choinneáil.

Maíonn DAAA go bhfuil difríocht sa chóireáil mar thoradh ar an gcás seo idir daoine a bhfuil arm ina sheilbh acu sa dá chatagóir seo, agus go shárófaí Treoir an Aontais Eorpaigh, a raibh beartaithe a thrasuí [2] le hathchóiriú na Beilge, an ceart chun maoine mar aon le prionsabail na córa comhionainne, an neamh-idirdhealaithe, agus an chosaint ar ionchais dhlisteanacha, *inter alia.* Déanann Cúirt Bhunreachtúil na Beilge, a dtógtar an cás os a comhair, ceist a tharchur chuig an gCúirt ag fiafraí, trí bhithín údarú a dhiúltú do na Ballstáit chun foráil a dhéanamh maidir le socruithe idirthréimhseacha ar mhaithe le daoine a fuair agus a chláraigh go dleathach roimh an 13 Meitheamh 2017 arm tine leath-uathoibríoch atá tiontaithe gan ach urchair chaocha a scaoileadh, an bhfuil an fhoráil ábhartha den Treoir neamhbhailí?

Deimhníonn an Chúirt, agus í ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, bailíocht na forála atá i gceist, nach sáraítear léi an ceart chun maoine, prionsabail na córa comhionainne, an neamh-idirdhealaithe, ná an chosaint ar ionchais dhlisteanacha.

Murab ionann agus bonn a mhaíonn DAAA, údaraítear leis an bhforáil seo go deimhin do na Ballstáit sean-údaruithe a choimeád do na hairm tine leath-uathoibríocha go léir lena mbaineann, lena n-áirítear na hairm tine leath-uathoibríocha uile atá tiontaithe chun go n-úsáidfear iad chun urchair chaocha scaoileadh ach amháin. Is faoi Chúirt Bhunreachtúil na Beilge atá sé iarmhairtí iomchuí an chinnidh seo a bhaint agus scrúdú á dhéanamh ar bhailíocht eisiamh arm den sórt sin ón socrú idirthréimhseach a thug reachtas na Beilge isteach, atá os a comhair faoi láthair.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Is trasuíomh, i bpáirt, de Threoir (AE) 2017/853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leasaítear Treoir 91/477/CEE ón gComhairle maidir le fáil agus seilbh arm a rialú, iad an chuid is mó d'fhorálacha an athchóirithe seo. Idir an dá linn, rinneadh Treoir 91/477 a aisghairm agus cuireadh Treoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú ina hionad.

[2] Féach críochnóta 1.